Tráth Mhí na Samhna – Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2022

Intinn Fhoghlama

Scrúdú a dhéanamh ar an ról atá agus a bhí ag baint leis an gcuimhne, agus sinne ag iarraidh déileáil i gceart leis an bpaindéim dhomhanda COVID-19 agus iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar atá ag an gcuimhne ar gach aon duine againn.

Critéir Ratha

- Scrúdú a dhéanamh ar na heochairfhocail a thabharfadh rochtain ar ábhar oiriúnach don rang
- Smaoineamh ar na rudaí ba mhó a bhraitheamar uainn iad i rith phaindéim COVID-19
- Aon ábhar buartha atá againn faoi láthair a aithint
- Dul i ngleic le hábhar a léiríonn an sólás atá ar fáil sa chuimhne
- Ábhar fiúntach a bhailiú a chuirfear i do Leabhar Cuimhneachán

Eochairfhocail

Cuimhneachán	**Paindéim Dhomhanda**	**Sólás**
Cuimhní	**Leabhar Cuimhneachán**	**Intadhaille**

Smaoinigh – Déan Péire – Roinn

Déan liosta de na rudaí ba mhó ar bhraith sibh uaibh iad, ón uair a chuir paindéim COVID-19 athrú ar an saol

_____

_____

_____

_____

Cad é an rud is mó a theastaíonn uait a dhéanamh amach anseo?

_____

_____

_____

_____

An bhfuil imní ar bith ort anois toisc go bhfuiltear ag gearradh siar ar na srianta le déanaí?

_____

_____

_____

_____

Cleachtadh Machnamhach

I measc na ndaoine nach bhféadfaí cuairt a thabhairt orthu i rith na dianghlasála COVID-19, cérbh iad na daoine ba mhó a tháinig chun cuimhne?

Cad é ba mhó a bhraith tú uait fúthu?

Conas mar a chuir tú in iúl dóibh go rabhthas ag smaoineamh orthu?

Tasc

Léigh an t-alt seo:
'The comfort to be found in memories and remembering' le Ally Bunbury

(Ally Bunbury, *The Irish Times*, Satharn,17 Iúil 2021, ar fáil ag https://www.irishtimes.com/life-and- style/health-family/the-comfort-to-be-found-in-memories-and-remembering-1.4614001)

San alt seo tugann an t-údar le fios go gceapann sí nach bhfuil comparáid ar bith ann, idir bhreathnú ar na híomhánna digiteacha atá againn faoi láthair, agus an grianghraf féin a bheith ag duine. Toisc nach féidir tadhall a dhéanamh leis an íomhá digiteach, is rud lag, sobhriste é i gcomparáid leis an ngrianghraf saibhir spreagúil atá inár láimh againn, a cheanglaíonn go díreach leis an saol caite muid.

An aontaíonn tú leis an ráiteas seo? Tabhair míniú faoin bhfreagra a thug tú ar an gceist.

_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____

Tasc

Déan cur síos ar an triúr is tábhachtaí i do shaol.
I ngach cás acu, scríobh an rud, an fhuaim, an boladh, nó an chuimhne atá agat ar an duine sin.

Ainm an Duine	Rud/Fuaim/Boladh/Cuimhne
1.	
2.	
3.	

Plé

Mar rang, déan na daoine ba mhó thábhachta leis na daltaí a liostáil. An roinneann na daoine seo tréithe comónta eatarthu? Cruthaigh barrachairt nó píchairt le cur síos ar na sonraí.

_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____

Cairt

Sólás a Lorg ó Dhia

Éist le 'God Will Wipe Away All Tears' (Bernard Sexton, i gcuimhne íospartach COVID-19, na cairde agus na gaolta a bhain leo) agus freagair na ceisteanna ansin.

Cad iad na liricí is fearr a thaitníonn leat?

Conas mar a chabhródh na liricí seo le daoine atá in ísle brí agus gá acu le sólás Dé?

Tasc don Mhí

Leabhar Cuimhneachán

Baineann Leabhar Cuimhneachán le bailiúchán de ghrianghraif, de chártaí, litreacha, ticéid, líníocht a chuireann ócáidí tábhachtacha i gcuimhne dúinn. Déan do Leabhar Cuimhneachán féin a chur le chéile ar bhealach digiteach, nó mar leabhar. Ba cheart go mbeadh ábhar ann a chabhraíonn leat smaoineamh ar na rudaí maithe a tharla i do shaol, na rudaí a chuir áthas ar do chroí, na rudaí spreagúla fiúntacha nach ndéanfaidh tú dearmad riamh orthu.

Obair Fhairsingithe 1

Déan cur síos ar an gceangal idir do Leabhar Cuimhneachán féin agus an Leabhar Cuimhneachán a chuirtear ar fáil go minic sa séipéal Caitliceach nó ar scoil i rith Mhí na Samhna.

Obair Fhairsingithe 2

Is rud dúshlánach, nó ábhar buartha do dhaltaí áirithe é leabhar cuimhneachán a chur le chéile. An bhféadfá a rá cén fáth go dtarlódh a leithéid?

Tasc Cruthaitheach Éagsúil

Cruthaigh do Chroí Cuimhneacháin féin.